Waterways Ireland
Uiscebhealaí Éireann Watterweys Airlann

Plean Gníomhaíochta Comhionannais Eanáir 2026 – Nollaig 2028

Uiscebhealaí do Chách

1. Réamhrá

Forbraíodh an Plean Gníomhaíochta Comhionannais 2026-2028 seo ó thoradh Iniúchta ar Neamhionannais do Thuaisceart Éireann agus Measúnú in Éirinn arna sheoladh ag Uiscebhealaí Éireann.

Nóta faoin téarmaíocht

Sa Phlean Gníomhaíochta seo, úsáidtear na téarmaí “daoine míchumasaithe” agus “daoine faoi mhíchumas” go hidirmhalartaithe. Aithnímid go bhféadfadh daoine, laistigh dár bpobail éagsúla, taithí a fháil ar chineálacha éagsúla míchumais a thrasnaíonn a chéile.

Aithnímid fosta go bhfuil féiniúlachtaí iolracha ag daoine faoi mhíchumas i ndáil le catagóirí comhionannais eile amhail inscne, cine, aois etc. agus déanfaimid iarracht cur chuige trasnach a ghlacadh agus bacainní ar fhostaíocht, rochtain ar sheirbhísí agus rannpháirtíocht sa saol poiblí á mbreithniú chun a chinntiú nach mbeidh daoine aonair faoi mhíbhuntáiste mar gheall ar chomhcheangal foras comhionannais.

Aithníonn go leor laistigh den ghluaiseacht um chearta míchumais an téarma 'daoine míchumasaithe' mar rud atá ailínithe leis an tsamhail shóisialta agus chearta daonna maidir le míchumas, toisc go meastar go n-aithníonn sé go bhfuil daoine faoi mhíchumas amhlaidh mar thoradh ar bhacainní sa timpeallacht agus sa tsochaí. Aithnímid chomh maith gur fearr le daoine eile an téarma “daoine faoi mhíchumas” mar gheall ar an tuiscint atá sa téarma gur daoine iad, sa chéad dul síos, atá i dteideal cearta an duine. Léiríonn sé seo an teanga a úsáidtear i gCoinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta Daoine faoi Mhíchumas (UNCRPD). Ar deireadh, aithnímid nach n-aithníonn daoine áirithe iad féin mar dhaoine faoi mhíchumas.
.

Formáid Mhalartach

Tá cóipeanna den doiciméad seo ar fáil ar shuíomh gréasáin Uiscebhealaí Éireann agus i bhformáid pháipéir. Cuirfear doiciméadacht ar fáil ar iarratas i bhformáidí ar nós Léamh Éasca, Braille, formáidí fuaime, cló mór nó teangacha mionlaigh chun freastal ar riachtanais na ndaoine nach é an Béarla a gcéad teanga.

Chun formáid mhalartach a iarraidh, déan teagmháil linn ag:

Aonad Comhionannais, Seirbhísí Corparáideacha,
Uiscebhealaí Éireann
2 Bóthar Shligigh
Inis Ceithleann
Co. Fhear Manach
BT74 7JY

Teil: +44 (0)28 6632 3004
Ríomhphost: equality.user@waterwaysireland.org

Is féidir leat an doiciméad seo a léamh agus/nó a íoslódáil ónár suíomh gréasáin fosta. Téigh go www.uiscebhealaíireland.org

2. Cúlra

Éilíonn Alt 75 d'Acht Thuaisceart Éireann 1998 ar Uiscebhealaí Éireann cloí le dhá dhualgas reachtúla: an Dualgas Comhionannais Deiseanna agus an Dualgas Dea-Chaidrimh.

(1) Agus údarás poiblí ag comhlíonadh a fheidhmeanna a bhaineann le Tuaisceart Éireann, tabharfaidh sé aird chuí ar an ghá atá le comhionannas deiseanna a chur chun cinn:

a) idir daoine a bhfuil creideamh reiligiúnach, tuairim pholaitiúil, grúpa ciníoch, aois, stádas pósta nó claonadh gnéasach difriúil acu;
b) idir fir agus mná i gcoitinne;
c) idir daoine atá faoi mhíchumas agus daoine nach bhfuil;
d) idir daoine a bhfuil cleithiúnaithe acu agus daoine gan chleithiúnaithe

(2) Gan dochar dá oibleagáidí faoi fho-alt (1), tabharfaidh údarás poiblí, agus é ag comhlíonadh a fheidhmeanna a bhaineann le Tuaisceart Éireann, aird ar inmhianaitheacht dea-chaidreamh a chur chun cinn idir daoine a bhfuil creideamh reiligiúnach, tuairim pholaitiúil nó grúpa ciníoch difriúil acu.

Rinne Uiscebhealaí Éireann Iniúchadh ar Mhíchothromaíochtaí chun a fháil amach an bhfuil nó an bhféadfadh gníomhaíochtaí Uiscebhealaí Éireann drochthionchar nó tionchar diúltach a imirt orthu agus, i gcás inar braitheadh nó ina raibh amhras faoi míchothromaíochtaí den sórt sin, tá an Plean Gníomhaíochta seo forbartha acu chun aghaidh a thabhairt orthu. Cé go bhfuil go leor oibre déanta chun comhionannas agus dea-chaidreamh a chur chun cinn, fanfaidh míchothromaíochtaí leanúnacha laistigh dár sochaí.

Mar Chomhlacht Thuaidh-Theas, tá sé beartaithe fosta go dtabharfaidh seachadadh na mbeart sa Phlean Gníomhaíochta seo aghaidh ar Dhualgas Comhionannais agus Cearta an Duine san Earnáil Phoiblí, Alt 42 d'Acht na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas 2014. Cuireann an Dualgas Earnála Poiblí seo freagracht ar gach comhlacht san earnáil phoiblí in Éirinn comhionannas a chur chun cinn, idirdhealú a chosc agus cearta an duine dár bhfostaithe, dár gcustaiméirí, dár n-úsáideoirí seirbhíse agus do gach duine a mbíonn tionchar ag ár mbeartais agus ár bpleananna orthu a chosaint.

Tá sé mar aidhm ag an Phlean Gníomhaíochta seo na neamhionannais seo a laghdú trí phríomhghníomhartha straitéiseacha a aithint agus a chur i bhfeidhm, agus é mar aidhm acu go bhfeabhsóidh torthaí le himeacht ama.

Tá an Plean Gníomhaíochta Comhionannais 2026-2028 seo nasctha le timthriall pleanála Phlean Corparáideach Uiscebhealaí Éireann 2026-2028.

Tá ceithre théama aitheanta:

1. Feasacht ar an Chlár Oibre Comhionannais a chur chun cinn i measc fhoireann Uiscebhealaí Éireann.

2. Timpeallacht oibre a sholáthar ina gcaitear le fostaithe go cothrom, le dínit agus le meas.
3. Réimse fostaithe a mhealladh, a earcú agus a choinneáil i gcultúr a cheiliúrann comhionannas, éagsúlacht agus cuimsiú.
4. Seirbhísí a sholáthar atá inrochtana, cuimsitheach agus freagrúil do chuairteoirí ar ár maoin agus ar ár n-uiscebhealaí.

Déantar gníomhartha a chatagóiriú de réir an téama a gcuireann siad leis. Áirítear le gach gníomh amchlár seachadta, táscaire feidhmíochta agus ainm na roinne atá freagrach as an seachadadh.

Chomh maith leis sin, déanfaimid iarracht dea-chleachtas a chur chun cinn ar fud ár mbeartas éagsúil agus i leith gach catagóir comhionannais. Cuirfidh an Plean leis an obair chomhionannais atá ar bun cheana féin ag Uiscebhealaí Éireann agus cabhróidh sé le freastal ar riachtanais chomhionannais amach anseo.

Tá sé deartha le bheith solúbtha agus déanfar athbhreithniú air go rialta, le tacaíocht ón Choimisiún um Chomhionannas. Aithnítear go mb'fhéidir go mbeadh gá le hamchlár an phlean a leasú mar fhreagra ar thosaíochtaí oibre eile agus ar acmhainní atá ar fáil.

3. Maidir le hUiscebhealaí Éireann

Is Comhlacht trasteorann é Uiscebhealaí Éireann, an ceann is mó de shé Chomhlacht Forfheidhmithe Thuaidh/Theas a bunaíodh faoin Chomhaontú Briotanach-Éireannach an 10 Aibreán 1998. Tugadh éifeacht intíre don Chomhaontú seo trí Ordú um Chomhoibriú Thuaidh/Theas (Comhlachtaí Forfheidhmithe) (Tuaisceart Éireann), 1999 agus Acht um Chomhaontú Briotanach-Éireannach, 1999 faoi seach.

Is muidne an t-údarás loingseoireachta trasteorann atá freagrach as bainistíocht, cothabháil, forbairt agus athchóiriú 1,100 km d'uiscebhealaí loingseoireachta intíre agus os cionn 600 km de Bhealaí Glasa agus Gorma, go príomha chun críocha áineasa.

Tá ár gCeanncheathrú in Inis Ceithleann, Co. Fhear Manach, agus oifigí réigiúnacha againn i mBaile Átha Cliath, i gCora Droma Rúisc, Co. Liatroma, agus sa Scairbh, Co. an Chláir.

Fostaímid thart ar 360 ball foirne buan atá lonnaithe in oifigí agus ar láithreáin gar do na huiscebhealaí intíre agus tugann foireann a earcaítear go séasúrach cúnamh dóibh, rud a léiríonn gné shéasúrach de chúram na heagraíochta. Gineann Uiscebhealaí Éireann luach bliantúil suntasach i leas sóisialta, eacnamaíoch agus comhshaoil. Ina theannta sin, cuireann uiscebhealaí inrochtana agus cuimsitheacha le hathléimneacht an phobail, le caomhnú bithéagsúlachta agus le bonneagar gorm-glas a théann chun leasa na sláinte agus na folláine.

CAD A DHÉANAIMID

Is é Uiscebhealaí Éireann an t-údarás loingseoireachta do 1,100 km d'uiscebhealaí intíre inseolta, lena n-áirítear:

• Loingseoireacht Íochtar na Banna
• Loingseoireacht na Sionainne
• Loingseoireacht na Bearú
• Córas na hÉirne
• Canáil Ríoga
• Canáil Uladh
• Uiscebhealach na Sionainne-Éirne
• An Chanáil Mhór

I mí Iúil 2007, chomhaontaigh an Chomhairle Aireachta Thuaidh/Theas (CATT) go gcuirfí freagracht as atógáil Chanáil Uladh, ó Loch Éirne Uachtarach go Cluain Eois, faoi chúram Uiscebhealaí Éireann, agus tar éis a hathchóirithe, go mbeadh a bainistíocht, a cothabháil agus a forbairt chun críocha áineasa faoina chúram chomh maith.

Ar leibhéal oibríochtúil, tá Uiscebhealaí Éireann freagrach as réimse leathan de shócmhainní bonneagair lena n-áirítear bealaí loingseoireachta, claífoirt, cosáin tarraingthe, tailte in aice láimhe, cuanta, céanna, seastáin iascaireachta, droichid, tóchair, uiscebhealaí, sceitheadh, loic, loc-chomhlaí agus tithe loc mar aon le foirgnimh agus cartlanna. Meastar go bhfuil luacháil reatha chostais atógála an bhonneagair seo os cionn €1 billiún.

Tá cláir oibre Uiscebhealaí Éireann ríthábhachtach chun timpeallacht áineasa shábháilte agus ardchaighdeáin a sholáthar do chustaiméirí agus, san am céanna, oidhreacht thionsclaíoch agus chomhshaoil na n-uiscebhealaí a chaomhnú do na glúnta atá le teacht.

4. Príomhbhreithnithe maidir le Comhionannas

Déanann Uiscebhealaí Éireann a dhícheall a oibleagáidí comhionannais a chomhlíonadh mar fhostóir agus mar chomhlacht poiblí a sholáthraíonn seirbhís don phobal. Na huiscebhealaí inseolta intíre a bhainistiú, a chothabháil agus a chur chun cinn go príomha le haghaidh úsáid áineasa, an tseirbhís atá i gceist. Dá bhrí sin, is soláthraí spáis phoiblí é Uiscebhealaí Éireann, mar údarás loingseoireachta, le haghaidh caitheamh aimsire lasmuigh, lena n-áirítear bádóireacht, réimse leathan de spóirt uiscebhunaithe, siúl agus rothaíocht. Cé go gclúdaíonn sainchúram Uiscebhealaí Éireann 1,100 km d'uiscebhealaí inseolta intíre agus 600 km de Bhealaí Glasa agus Gorma , níl i dTuaisceart Éireann ach 15% dá shainchúram geografach ar na huiscebhealaí inseolta intíre, ag clúdach Córas na hÉirne i gContae Fhear Manach agus an Bhanna Íochtarach ó Loch nEathach go Cúil Raithin.

Tá 360 fostaí ag Uiscebhealaí Éireann san iomlán[1], agus tá 97 díobh sin fostaithe i dTuaisceart Éireann, agus 263 i bPoblacht na hÉireann.

Tá an Príomhfheidhmeannach agus an Fhoireann Ardbhainistíochta freagrach as an Phlean Gníomhaíochta Comhionannais seo a chur i bhfeidhm. Tá an Rannóg Seirbhísí Corparáideacha freagrach ó lá go lá agus beidh siad freagrach as socruithe riaracháin a chur i bhfeidhm lena chinntiú go gcomhlíonann Uiscebhealaí Éireann a dhualgais chomhionannais agus dea-chaidrimh agus é i mbun a chuid feidhmeanna.

5. Próiseas Monatóireachta agus Athbhreithnithe

Déanfaidh an Fhoireann Ardbhainistíochta monatóireacht ar an Phlean Gníomhaíochta ar bhonn leathbhliantúil agus déanfaidh siad athbhreithniú ar an dul chun cinn maidir le gníomhartha a comhaontaíodh roimhe seo a chur i bhfeidhm, agus breithneoidh siad aon fhorbairtí nua san idirthréimhse. I gcás inarb iomchuí, déanfar athbhreithniú ar an Phlean Gníomhaíochta chun aon fhorbairtí nua, comhairliúcháin, toradh aon Mheasúnuithe Tionchair Chomhionannais nua nó aon fhaisnéis bhreise nach raibh ar fáil roimhe seo a léiriú.

Cuirfidh Uiscebhealaí Éireann Athbhreithniú Bliantúil ar Dhul Chun Cinn maidir le cur i bhfeidhm Alt 75 faoi bhráid an Choimisiúin um Chomhionannas agus tuairisceoidh sé ar fhorbairtí agus ar an méid a baineadh amach ina thuarascáil bhliantúil mar a cheanglaítear faoi Alt 42 d’ Acht um Chearta an Duine agus Comhionannas na hÉireann 2014.

Trí fhaisnéis faoin dul chun cinn a bhailiú, beifear in ann athbhreithniú rialta agus leanúnach a dhéanamh ar an Phlean Gníomhaíochta lena chinntiú go bhfanfaidh sé éifeachtach agus ábhartha d’fheidhmeanna Uiscebhealaí Éireann. Déanfar aon athruithe nó leasuithe ar an Phlean Gníomhaíochta a thuairisciú don Choimisiún Comhionannais.

[1]Líon foirne ar 31/12/24

6. Plean Gníomhaíochta Comhionannais 2026 - 2028

Téamaí

1. Feasacht ar an Chlár Oibre Comhionannais a chur chun cinn i measc fhoireann Uiscebhealaí Éireann.
2. Timpeallacht oibre a sholáthar ina gcaitear go cothrom, le dínit agus le meas le fostaithe.
3. Réimse fostaithe a mhealladh, a earcú agus a choinneáil i gcultúr ina ndéantar ceiliúradh ar chomhionannas, ilchineálacht agus cuimsiú.
4. Seirbhísí a sholáthar atá inrochtana, cuimsitheach agus freagrúil do chuairteoirí ar ár gcuid áiteanna agus ar ár n-uiscebhealaí.

1. Feasacht as an Chlár Oibre Comhionannais a chur chun cinn i measc fhoireann Uiscebhealaí Éireann

Tag airt	Gníomhartha	Beart Feidhmíochta	Toradh	Scála ama	Ceannaire Feidhme
1	Gníomhartha comhionannais agus dea-chaidrimh a fhorbairt agus a imeascadh i ngach gné d'obair an Chomhlachta. • Nuashonruithe rialta a iarraidh chun an obair atá déanta a thuiscint agus/nó chun neamhionannais leanúnacha/mharthanacha a aithint. • Monatóireacht a dhéanamh ar líon na ngearán a fuarthas i ndáil le comhionannas / míchumas / dea-chaidreamh. • A chinntiú go bhfuil Comhionannas agus Dea-Chaidreamh leabaithe i ngach doiciméad corparáideach de chuid UÉ.	Athbhreithniú a dhéanamh ar sheachadadh bhearta an Phlean Gníomhaíochta ag Cruinnithe Ráithiúla an Ghrúpa Oibre um Chomhionannas agus Éagsúlacht. Clár na nGearán. Íomhánna agus ábhar dearfach in úsáid i bhfoilseacháin chorparáideacha, ar na meáin shóisialta agus ar ár suíomh Gréasáin, lena n-áirítear gníomhaíochtaí inbhuanaithe ar na huiscebhealaí. • 2 bhabhta comhoibrithe in aghaidh na bliana chun íomhánna/ábhar dearfach a chruthú agus a ghabháil.	Inrochtaineacht Faisnéise agus Seirbhísí do bhaill foirne agus do chuairteoirí ar ár n-áiseanna agus ar ár n-uiscebhealaí a bhfuil bacainní faisnéise acu. Dualgas comhionannais a imeascadh i ngach próiseas pleanála agus cinnteoireachta. Riachtanais an Údaráis Náisiúnta Míchumais á gcomhlíonadh. Feasacht a mhúscailt le hardáin meáin shóisialta ar ár suíomh gréasáin.	31/12/2026 31/12/2027 31/12/2028	Cách

Tag airt	Gníomhartha	Beart Feidhmíochta	Toradh	Scála ama	Ceannaire Feidhme
2	Féilire imeachtaí a chruthú agus feachtas feasachta chun éagsúlacht agus cuimsiú a cheiliúradh i measc ár lucht saothair.	3 chumarsáid in aghaidh na bliana. Deiseanna méadaithe le haghaidh comhoibriú agus rannpháirtíocht foirne.	Feasacht agus ceiliúradh méadaithe ar éagsúlacht agus ar chuimsiú.	31/12/2026 31/12/2027 31/12/2028	CS / WG / M&C

2. Timpeallacht oibre a sholáthar ina gcaitear go cothrom, le dínit agus le meas le fostaithe

Tag airt	Gníomhartha	Táscaire Feidhmíochta	Toradh	Scála ama	Ceannaire Feidhme
3	Leanúint de shraith beartas agus teidlíochtaí maidir leis an ionad oibre, cothromaíocht oibre is saoil agus obair sholúbtha a chur ar fáil do bhaill foirne san eagraíocht. Monatóireacht ar Bheartais maidir leis an Obair Hibrideach.	Athbhreithniú ar bheartais reatha AD gach 3 bliana i gcomhréir le nósanna imeachta WI. Monatóireacht ar obair hibrideach ar fud na heagraíochta. Athbhreithniú leanúnach ar Bheartais AD mar a gealladh in Athbhreithniú Straitéise Daoine agus i gcomhréir le Treoirlínte Uiscebhealaí Éireann maidir le Próiseas Forbartha Beartais agus Scagadh Comhionannais	Áit oibre ina mbraitheann an fhoireann go bhfuil siad sábháilte agus go bhfuil luach leo.	31/12/2026 31/12/2027 31/12/2028	AD

Tag airt	Gníomhartha	Táscaire Feidhmíochta	Toradh	Scála ama	Ceannaire Feidhme
4	Athbhreithniú agus forbairt a dhéanamh ar a mhéad a chuimsítear freagrachtaí comhionannais in athbhreithnithe feidhmíochta i measc na foirne ábhartha uile.	Córas bainistithe feidhmíochta nua a thabhairt isteach. Athbhreithniú agus cuimsiú freagrachtaí comhionannais nuair is ábhartha, do bhaill foirne ábhartha.	Dualgas comhionannais a imeascadh i ngach próiseas pleanála agus cinnteoireachta. Croíluachanna – Freagrachtaí comhionannais leis an bhfoireann bainistíochta líne uile a bhaineann leis an obair.	31/12/2026 31/12/2027 31/12/2028	AD AD / CS

3. Réimse fostaithe a mhealladh, a earcú agus a choinneáil i gcultúr ina ndéantar ceiliúradh ar chomhionannas, ilchineálacht agus cuimsiú

Tag airt	Gníomhartha	Táscaire Feidhmíochta	Toradh	Scála ama	Ceannaire Feidhme
5	Suirbhé deonach foirne a reáchtáil chun faisnéis ábhartha a bhailiú maidir le catagóirí comhionannais atá cumhdaithe ag an reachtaíocht.	Daonáireamh bliantúil foirne. Faigheann 80% de na ceistneoirí ó lucht saothair Thuaisceart Éireann agus Phoblacht na hÉireann freagra.	Léiriú cruinn agus cothrom le dáta ar na grúpaí comhionannais laistigh dár lucht saothair chun tuairisciú reachtúil a threorú, agus chun treoir a thabhairt do cheapadh beartais de réir cheanglais an Údaráis Náisiúnta Míchumais.	31/12/2026 31/12/2027 31/12/2028	AD
6	Gníomhartha iontrála don lucht saothair a fhorbairt laistigh de “Straitéis Daoine do	Méadú ar iarratais a fhaightear le haghaidh poist fholmha a shainaithin Straitéis AD do WI.	Tuiscint láidir ar ár lucht saothair agus réimsí le feabhsú aitheanta againn	31/12/2026	AD / CS

Tag airt	Gníomhartha	Táscaire Feidhmíochta	Toradh	Scála ama	Ceannaire Feidhme
	UÉ” nua AD chun pleanáil mhionsonraithe don lucht saothair a bhunú ar fud na heagraíochta agus pleanáil chomharbais a áireamh do róil thábhachtacha, m.sh. innealtóirí. Breithniú a dhéanamh faoi shaincheisteanna amhail deacrachtaí earcaíochta/coinneála post agus bealaí chun pleanáil chomharbais éifeachtach a dhéanamh do riachtanais an lucht saothair amach anseo. Spriocdhíriú dearfach ar ghrúpaí faoi mhíbhuntáiste trí fheachtais earcaíochta/ardú céime agus trí rannpháirtíocht le grúpaí ionadaíocha. • Míchumasaithe • Grúpa ciníoch • Protastúnach Ráiteas fáilte, más infheidhme. Scéim Agallaimh Ráthaithe do dhaoine faoi mhíchumas.	• Mná/Fir i róil oibre thraidisiúnta. • Daoine óga. • Daoine ón phobal Protastúnach • Daoine ó ghrúpaí ciníocha eile • Ionadaíocht mhéadaithe daoine faoi mhíchumas sa lucht saothair	agus beart déanta le tabhairt fúthu. Pleanáil chomharbais éifeachtach do riachtanais an lucht saothair amach anseo. Tagarmharc a bhunú in 2026 agus feabhsuithe a fhorbairt sa bhliain 2027/2028.	31/12/2027 31/12/2028	

Tag airt	Gníomhartha	Táscaire Feidhmíochta	Toradh	Scála ama	Ceannaire Feidhme
	Teagmháil a dhéanamh le scáthghrúpaí míchumais chun deiseanna earcaíochta a chur chun cinn.				
7	Iarracht a dhéanamh réimse de dheiseanna taithí oibre a chur ar fáil do dhaoine óga, ó réimse de ghnóthachtáil oideachais agus cúlraí éagsúla. Feasacht a mhúscailt ar phoist/scileanna Uiscebhealaí Éireann trí scoileanna/coláistí m.sh. innealtóireacht, margaíocht/margaíocht dhigiteach, dlí, AD, srl. lena n-áirítear: • Oiliúint scileanna agallaimh • Clár meantóireachta mac léinn • Comórtas a fhorbairt/a reáchtáil do mhic léinn i.e. droichead a thógáil / bithéagsúlacht/gníomhaíocht aeráide a iniúchadh	Éascú a dhéanamh ar 2 scoil/choláiste in aghaidh na bliana, lena n-áirítear mar shampla daltaí na hIdirbhliana.	Faigheann daoine óga scileanna agus taithí a chuirfidh ar a gcumas iarratas a dhéanamh ar phoist ar fud na réigiún laistigh den eagraíocht.	30/06/2026 31/12/2026 30/06/2027 31/12/2027 30/06/2028 31/12/2028	CS / WG

Tag airt	Gníomhartha	Táscaire Feidhmíochta	Toradh	Scála ama	Ceannaire Feidhme
	laistigh d'Uiscebhealaí Éireann • Leanúint den tacaíocht le cláir náisiúnta e.g. Seachtain na nInnealtóirí • Tacú le rannpháirtíocht na mban in ábhair Eolaíochta, Theicneolaíochta, Innealtóireachta agus Mhatamaitice agus iad a spreagadh.				

4. Seirbhísí a sholáthar atá inrochtana, cuimsitheach agus freagrúil do chuairteoirí ar ár n-áiteanna agus ár n-uiscebhealaí.

Tag airt	Gníomhartha	Táscaire Feidhmíochta	Toradh	Scála ama	Ceannaire Feidhme
8	Leanúint den fhorbairt agus den obair le comhpháirtithe straitéiseacha, mar shampla, údaráis áitiúla, grúpaí pobail agus eagraíochtaí ar fud na hÉireann chun ár n-áiseanna a chur chun cinn le haghaidh rannpháirtíochta i ngníomhaíochtaí áineasa. Comhpháirtíochtaí a thógáil le grúpaí pobail éagsúla maidir le	Líon na gclár a fhaigheann tacaíocht, ag soláthar deiseanna do gach ceann de na spriocghrúpaí sainaitheanta le páirt a ghlacadh in áineas/fóillíocht. Sprioc: 2 imeacht in aghaidh na bliana.	Eispéireas leasaithe do chuairteoirí atá ag baint úsáide as áiseanna UÉ. Próifíl agus tuiscint fheabhsaithe ar ár ngníomhaíochtaí.	30/06/2026 31/12/2026 30/06/2027 31/12/2027 30/06/2028	WG

Tag airt	Gníomhartha	Táscaire Feidhmíochta	Toradh	Scála ama	Ceannaire Feidhme
	maoirseacht chomhshaoil nó rochtain ar na huiscebhealaí. Áirítear ar na spriocghrúpaí aitheanta: • Daoine scothaosta • Mná agus cailíní • Daoine faoi mhíchumas • Iad siúd atá ina gcónaí i gceantair dhíothachta atá cóngarach dár n-uiscebhealaí.	Dul i ngleic le grúpaí/fondúireachtaí pobail áitiúla. Bealaí a chruthú do dhaoine ó chúlraí faoi thearcionadaíocht dul isteach i dtionscnaimh a dtacaíonn UÉ leo.	Rannpháirtíocht mhéadaithe grúpaí atá faoi ionadaíocht ar ár n-uiscebhealaí. Méadú ar líon na n-iarratas chuig UÉ ag lorg ceadú d'imeachtaí atá dírithe ar ghrúpaí faoi ionadaíocht. Inbhuanaitheacht agus gníomhaíocht aeráide a chomhtháthú inár bPleananna Comhionannais. Mar shampla, gníomhartha a chuireann le pobail inbhuanaithe agus chuimsitheacha, agus é mar aidhm acu go bhfeabhsóidh torthaí intomhaiste le himeacht ama.	31/12/2028	E&H
9	Clár Feasachta/ Imeachtaí a mhéadú i gcomhpháirtíocht le páirtithe leasmhara seachtracha amhail gníomhaireachtaí rialtais eile, grúpaí pobail, grúpaí comhionannais srl.	Grúpa oibre comhoibríoch amháin ar a laghad a bhunú.	Comhpháirtíochtaí chun forbairt agus deiseanna rannpháirtíochta i gcúrsaí fóillíochta/caitheamh aimsire a mhéadú le páirtithe leasmhara seachtracha m.sh. Comhairlí Contae Áitiúla.	31/12/2028	WG WG

Tag airt	Gníomhartha	Táscaire Feidhmíochta	Toradh	Scála ama	Ceannaire Feidhme
	Dul i gcomhairle leis an Roinn Pobail; Comhlachtaí Chomhairle Aireachta Thuaidh Theas agus an Coimisiún Comhionannais chun an fhéidearthacht a phlé a bhaineann le Grúpa Oibre comhoibríoch ar fud Thuaisceart Éireann/Éireann a chruthú i measc comhlachtaí poiblí amhail Comhairlí agus muid féin.		Inrochtaineacht Faisnéise agus Seirbhísí le comhlachtaí poiblí eile.		
10	A chinntiú go bhfuil prionsabail na Rochtana do Chách agus an Dearaidh Uilíoch lárnach i ndearadh, uasghrádú agus forbairt áiseanna ar fud ár n-uiscebhealaí, agus nuair is féidir, go mbeidh comhdheiseanna ag daoine faoi mhíchumas rochtain a fháil ar na háiseanna áineasa a chuireann an eagraíocht ar fáil. • Monatóireacht a dhéanamh ar inrochtaineacht ár bhfoirgneamh agus ár n-	Dea-chleachtais agus reachtaíocht a chomhlíonadh. 3 bhall foirne oilte chun Iniúchadh Rochtana a dhéanamh. 5 iniúchadh inrochtaineachta críochnaithe faoi dheireadh an Phlean Gníomhaíochta. Críochnú • Glasbhealach na Sionainne • Gormbhealach na Bearú • Glasbhealach na Canála Móire	Áiseanna ar feadh ár n-uiscebhealaí atá deartha agus tógtha, más infheidhme, de réir na gcaighdeán inrochtaineachta is airde do chách le húsáid agus le taitneamh a bhaint astu. Laghdú ar na constaicí ar rannpháirtíocht i fóillíocht/caitheamh aimsire. Inrochtaineacht na timpeallachta tógtha do chách, nuair is féidir é agus srianta loingseoireachta agus	31/12/2026 31/12/2027 31/12/2028	AM / TS / Oibríochtaí

Tag airt	Gníomhartha	Táscaire Feidhmíochta	Toradh	Scála ama	Ceannaire Feidhme
	áiseanna trí Iniúchtaí Rochtana • Deiseanna a lorg chun spásanna cuimsitheacha agus tarraingteacha a chruthú feadh ár n-uiscebhealaí; mar shampla – cuireann ár nglasbhealaí agus ár gcosáin tarraingthe bealaí inrochtana ar fáil isteach i dtimpeallachtaí nádúrtha cois uisce, ag tairiscint deiseanna d'úsáideoirí de chumais éagsúla an dúlra a bhlaiseadh trí radharc, fuaim, tadhall agus boladh. • Dul i dteagmháil le scáthgrúpaí ar nós Chumann Cathaoireacha Rothaí na hÉireann Dul i gcomhairle leis an bpobal agus cuireadh a thabhairt do ghrúpaí leasmhara cabhrú le seirbhísí a mhúnlú ar mhóroibreacha caipitil de réir mar is iomchuí chun a chinntiú go mbíonn tuairimí na ngrúpaí	Dul chun cinn a dhéanamh ar: • Gormbhealach na Sionainne-Éirne • Ghlasbhealach na Canála Ríoga a bhailchríochnú	sábháilteachta á gcur san áireamh.		

Tag airt	Gníomhartha	Táscaire Feidhmíochta	Toradh	Scála ama	Ceannaire Feidhme
	comhionannais mar chuid den phróiseas cinnteoireachta.				
11	A chinntiú go n-áirítear clásail chomhionannais/mhíchumais i ngach léas/comhaontú le soláthraithe gníomhaíochta tríú páirtí chun cuimsitheacht a chinntiú. Comhoibriú le soláthraithe ceadúnaithe UÉ chun deiseanna méadaithe a chur chun cinn/a spreagadh do ghrúpaí comhionannais páirt a ghlacadh áit a bhfuil constaicí.	Leanúint ar aghaidh ag cur comhionannais agus inbhuanaitheachta san áireamh inár bpróisis cheadúnaithe agus léasaithe. Líon na n-imeachtaí a reáchtálann soláthraithe ceadúnaithe tríú páirtí a fhaigheann tacaíocht agus/nó a chuireann UÉ chun cinn in aghaidh na bliana. • Tacaigh le 2 imeacht in aghaidh na bliana.	Bacainní ar rannpháirtíocht i fóillíocht/caitheamh aimsire.	31/12/2026 31/12/2027 31/12/2028	Brabús agus Cailliúint CS / WG
1 2	Athbhreithniú a dhéanamh ar ár gcumarsáid le húsáideoirí lena chinntiú go bhfuil sí soiléir agus éasca a thuiscint, go gcomhlíonann sí riachtanais gach úsáideora, agus go bhfuil sí ar fáil i dteangacha eile agus i bhformáidí malartacha. Reachtaíocht an Achta Eorpaigh um Inrochtaineacht a chomhlíonadh maidir le hinrochtaineacht dhigiteach.	Líon na n-iarratas ar fhaisnéis i bhformáidí malartacha. Líon na ngearán de chineál comhionannais/míchumais a tuairiscíodh ar Chlár na nGearán.	Bealaí cumarsáide inrochtana a chruthú, más oiriúnach – idir scríofa, labhartha, dhigiteach agus chomharthaithe. A chinntiú go gcomhlíontar reachtaíocht an Achta Eorpaigh um Inrochtaineacht maidir leis an inrochtaineacht dhigiteach.	31/12/2026 31/12/2027 31/12/2028	CS / M&C CS / M&C

Tag airt	Gníomhartha	Táscaire Feidhmíochta	Toradh	Scála ama	Ceannaire Feidhme
	Leanúint den anailísiú gearán a bhaineann le comhionannas chun treochtaí atá ag teacht chun cinn a aithint a chuirfidh ar ár gcumas idirghabháil spriocdhírithe a dhéanamh chun an tseirbhís agus an tacaíocht a chuirimid ar fáil dár n-úsáideoirí faoi mhíchumas a fheabhsú.				
13	Beartas faisnéise inrochtana a fhorbairt chun aird a tharraingt ar thiomantas na heagraíochta cumarsáid éifeachtach a dhéanamh le gach duine. Deiseanna a fhorbairt chun formáidí malartacha a úsáid chun faisnéis a chur in iúl don fhoireann agus don phobal • Iniúchadh a dhéanamh faoi chláir/comharthaí cumarsáide poiblí inrochtana a úsáid lena n-áirítear íomhánna picteagram, Braille, codarsnacht tadhlach, córais léaráidí, cóid QR, srl. ar ár n-áiseanna agus in	2 ábhar poiblíochta (amhail físeán, podchraoladh nó alt) lena n-áirítear formáid mhalartach cumarsáide chun feasacht a mhúscailt maidir le hinrochtaineacht áiseanna Uiscebhealaí Éireann.	Inrochtaineacht Faisnéise agus Seirbhísí do bhaill foirne agus do chuairteoirí ar ár n-áiseanna agus ar ár n-uiscebhealaí a bhfuil bacainní faisnéise acu. Mar shampla - cineálacha cur chuige inrochtana digiteacha a laghdaíonn tionchar comhshaoil chun raon uirlisí i bhfad níos leithne a sholáthar chun inrochtaineacht a thairiscint. • Sin nó úsáid a bhaint as fotheideal, cur síos fuaime, teanga chomharthaíochta, físeáin oiliúna, Braille, mórchló srl	31/12/2026 31/12/2027 31/12/2028	CS / M&C / POF

Tag airt	Gníomhartha	Táscaire Feidhmíochta	Toradh	Scála ama	Ceannaire Feidhme
	áiteanna feadh ár n-uiscebhealaí.				
14	Deiseanna a fhiosrú chun inrochtaineacht áiseanna Uiscebhealaí Éireann a chur chun cinn.	Feachtais a thionscnamh sna meáin shóisialta chun feasacht a mhúscailt agus chun inrochtaineacht áiseanna/uiscebhealaíUÉ a thaispeáint.	Lucht féachana níos leithne, rud a léireodh inrochtaineacht Faisnéise agus Seirbhísí do chuairteoirí ar ár n-áiseanna agus ár n-uiscebhealaí.	31/12/2026 31/12/2027 31/12/2028	M&C EDWG
15	Leanúint de naisc a fhorbairt le heagraíochtaí abhcóideachta agus ionadaíocha chun feabhas a chur ar easpa ionadaíochta i bpróisis chinnteoireachta ar fud na ngrúpaí comhionannais.	Comhoibriú le fóram comhairliúcháin úsáideoirí seirbhíse mar ionadaí ar ghrúpaí comhionannais ó Thuaidh agus ó Dheas.	Deiseanna feabhsaithe chun dul i ngleic le lucht déanta beartas agus tionchar a imirt orthu. Tuiscint láidir ar riachtanais ár n-úsáideoirí agus ár ngrúpaí páirtithe leasmhara agus réimsí le feabhsú sainaitheanta againn agus beart déanta.	31/12/2026 31/12/2027 31/12/2028	CS
16	Deiseanna a iniúchadh chun an Soláthar a úsáid le haghaidh Comhionannas Deiseanna agus Forbairt Inbhuanaithe a Bhaint Amach.	Dul i mbun oibre le páirtithe leasmhara inmheánacha agus seachtracha chun soláthar inbhuanaithe agus cuimsitheach a sheachadadh.	Rannpháirtíocht le soláthraithe éagsúla. Conarthaí bronnta le critéir inbhuanaitheachta.	31/122028	PT E&H

Tag airt	Gníomhartha	Táscaire Feidhmíochta	Toradh	Scála ama	Ceannaire Feidhme
		Timpeallacht chothrom, inbhuanaithe, chuimsitheach a chruthú i ngach cleachtas soláthair agus oibríochta. Comhdheiseanna a chur chun cinn i slabhraí soláthair. Tacaíocht le soláthraithe éagsúla atá freagrach ó thaobh an chomhshaoil de.	Laghdú carbóin sa slabhra soláthair.		
17	Pleanáil Forbartha Inbhuanaithe fhadtéarmach a shaincheapadh agus a sheachadadh chun na háiseanna agus na seirbhísí cearta a bheith ar fáil sna háiteanna cearta ar fud an líonra loingseoireachta, agus iad a chlaochlú don fhadtéarma.	Straitéis Forbartha Inbhuanaithe a Chruthú Plean Forbartha Inbhuanaithe a cheapadh agus a sheachadadh do gach ceann de na 8 loingseoireacht, chun píblíne tionscadal amach anseo a thógáil.	Cinntí infheistíochta forbartha amach anseo a threorú ar féidir leo luach folláine Shóisialta, Eacnamaíoch agus Chomhshaoil a bharrfheabhsú ar an dóigh is éifeachtaí. Uasmhéadú luach folláine Shóisialta, Eacnamaíoch agus Chomhshaoil a bhaint amach trí infheistíochtaí forbartha sa todhchaí.	31/12/2025 Go dtí an 31/12/2026 31/12/2026 31/12/2028	I&D

Eochair do Ghiorrúcháin na gCeannasaithe Feidhme:

AG Grúpa Oibre um Chomhionannas agus Éagsúlacht

AD Acmhainní Daonna

E&H Comhshaol & Oidhreacht

I&D Nuálaíocht & Forbairt

POF Oifig an Phríomhfheidhmeannaigh

Oibríochtaí Oibríochtaí

CS Seirbhísí Corparáideacha

TS Seirbhísí Teicniúla

M&C Margaíocht & Cumarsáid

P&C Maoin & Dlí

AM Bainistíocht Sócmhainní

FIN Airgeadas

PT Foireann Soláthair

Tá ár bPleananna Gníomhaíochta um Chomhionannas agus Míchumas i gcomhréir le Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe (SDGanna) na Náisiún Aontaithe.

Ní dhéanann sé seo difear dár dtiomantas ná dár ngníomhartha maidir le Comhionannas agus Míchumas. Léiríonn sé rannóga ag obair le chéile chun torthaí dearfacha a bhaint amach.

SFI 10 – Neamhionannais Laghdaithe.

SFI 11 (Cathracha Inbhuanaithe)

SFI 17 (Comhpháirtíochtaí do na Spriocanna),

SFI 4 (Oideachas Ardchaighdeáin)

SFI 13 (Gníomhaíocht Aeráide)

SFI 3 – Dea-shláinte agus folláine

SFI 15 – Beathra ar talamh

SFI 5 Comhionannas Inscne

SFI 12 Táirgeadh agus Tomhaltas Freagrach